Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Bealtaine 2024
(OR. en)

9759/24
PV CONS 21
SOC 347
EMPL 200
SAN 270
CONSOM 189

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(**Fostaíocht**, **Beartas Sóisialta**, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

7 Bealtaine 2024

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 9265/24.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

(a) **Liosta neamhreachtach** 9267/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

(b) **Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 9268/24

**Fostaíocht agus Beartas Sóisialta**

1. **Treoir maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne (Airteagal 19)** SC
*Glacadh*
a d'fhormheas COREPER (Cuid 1) an 26.4.2024

9005/24 + ADD 1-2
10788/1/23 REV 1
**+ REV 1 COR 1 (de)**
+ REV 1 COR 2
**+ REV 1 COR 3 (da)**
SOC

Ghlac an Chomhairle an Treoir ón gComhairle mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch uirthi mar a leagtar amach in 10788/1/23 REV 1 agus REV 1 COR 2 (bunús dlí: Airteagal 19(1) CFAE).
Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

2. **Treoir maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne (Airteagal 157)** ❶C
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas COREPER (Cuid 1) an 26.4.2024

8954/24
+ ADD 1 REV 2
PE-CONS 92/23
SOC

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, agus an Bhulgáir agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an Iodáil, Poblacht na Seice, agus an tSlóvaic ag staonadh ón vótáil, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (bunús dlí: Airteagal 157(3) CFAE).
Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Ceartas agus Gnóthaí Baile**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas COREPER (Cuid 2) an 24.4.2024 | ❶C | 9406/24 + ADD 1<br>PE-CONS 33/24<br>COPEN |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 82(2) agus 83(1) CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Gnóthaí Ginearálta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **4.** | **Rialachán lena mbunaítear saoráid athchóirithe agus fáis do na Balcáin Thiar**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas COREPER (Cuid 2) an 24.4.2024 | ❶C | 9405/24 + ADD 1-2<br>PE-CONS 80/24<br>ELARG |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, agus an Ísiltír agus an Liotuáinr ag staonadh ón vótáil, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, (bunús dlí: Airteagail 212 agus 322(1) CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**<u>Plé reachtach</u>**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16, mír 8 den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Treoir maidir le cur chun feidhme phrionsabal na córa comhionainne (Airteagal 19)** [S][C] 9094/24
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag <u>an gComhairle</u> maidir leis an Treoir atá beartaithe i ndáil le prionsabal na córa comhionainne a chur chun feidhme idir daoine gan beann ar reiligiún ná creideamh, míchumas, aois ná gnéaschlaonadh i réimsí seachas an fhostaíocht (Airteagal 19), ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

4. **Conclúidí maidir le 'cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban mar bhealach chun comhionannas inscne substainteach a bhaint amach'** [2] 8957/24
*Formheas*

D'fhormheas <u>an Chomhairle</u> na Conclúidí maidir le cumhachtú eacnamaíoch agus neamhspleáchas airgeadais na mban mar bhealach chun comhionannas inscne substainteach a bhaint amach mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad.

5. **Mná sa saol poiblí** [2] 8947/1/24 REV 1
*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle maidir le mná sa saol poiblí ar bhonn nóta stiúrtha ón Uachtaránacht a leagtar amach sa doiciméad thuas, lenar díríodh go háirithe ar ghannionadaíocht na mban i róil cheannaireachta agus chinnteoireachta polaitiúla san Aontas.

**<u>Aon ghnó eile</u>**

6. (a) **Imeachtaí Uachtaránachta** [2] 8979/24
   (i) **Cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí um chomhionannas inscne, (an Bhruiséil, an 26 agus an 27 Feabhra 2024)**
   (ii) **Comhdháil LGBTIQ (an Bhruiséil, an 17 Bealtaine 2024)**
   *Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le himeachtaí na hUachtaránachta.

**(b) Athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar theideal fhoirmíocht na Comhairle 'Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí'** 8814/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar theideal fhoirmíocht na Comhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí.

**(c) Suirbhé ar fhoréigean in aghaidh na mban - staid na himeartha** 9233/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le staid na himeartha i ndáil leis an Suirbhé ar fhoréigean in aghaidh na mban.

**(d) Cur chun feidhme aontachas AE le Coinbhinsiún Iostanbúl - staid na himeartha** 8980/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil maidir le haontachas an Aontais le Coinbhinsiún Iostanbúl.

**(e) Ullmhúchán don 'Teachtaireacht maidir le Cur Chun Feidhme Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025' - staid na himeartha** 9358/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an ullmhúchán don Teachtaireacht maidir le Cur Chun Feidhme na Straitéise um Chomhionannas LGBTIQ 2020–2025.

**(f) Teachtaireacht maidir leis an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme an phlean gníomhaíochta frithchiníochais – staid na himeartha** 8981/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir leis an Teachtaireacht i ndáil leis an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme phlean gníomhaíochta frithchiníochais an Aontais Eorpaigh.

**(g) Iarrthóir is ionadaí don Aontas: toghcháin ag Coiste um Chearta Daoine faoi Mhíchumas na Náisiún Aontaithe** F2 9256/24
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le hiarrthóir an Aontais do na toghcháin do Choiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

---

❶ An chéad léamh

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

S Nós imeachta reachtach speisialta

F2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 9268/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne (Airteagal 19)**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Tacaíonn an Ostair go hiomlán le cuspóirí na dtreoracha atá beartaithe chun an chosaint ar idirdhealú a neartú agus chun feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar d'íospartaigh an idirdhealaithe.

Cuireann an Ostair i dtábhacht go leagtar síos leis na Treoracha atá beartaithe íoschaighdeáin do chomhlachtaí comhionannais.
Tá córas dea-chleachtais dea-fheidhmiúil i réimse na córa comhionainne agus an fhrith-idirdhealaithe ag an Ostair cheana féin, córas a bhfuil a fhiúntas léirithe aige le blianta fada. Chun struchtúir náisiúnta éifeachtacha sheanbhunaithe a chaomhnú, ba cheart solúbthacht a bheith ann maidir leis na Treoracha sin a chur chun feidhme. Leanfaidh institiúidí éifeachtacha agus sásraí éifeachtúla de bheith ann laistigh den chreat nua seo.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Aontaímid leis an gcur chuige ginearálta maidir leis an Treoir, faoi réir an léirithe seo a leanas:

1. Is mór againn gur dhearbhaigh an Coimisiún, le linn na caibidlíochta ag an gcruinniú de Mheitheal na Comhairle, go bhféadfaimid Airteagal 8 a chur chun feidhme go heisiach trí nós imeachta malartach um réiteach díospóidí ina gcaithfidh an cosantóir a bheith rannpháirteach. Chuige sin, arna iarraidh sin do dhuine a líomhnaíonn idirdhealú, scrúdóidh an comhlacht comhionannais an cás agus déanfaidh sé cinneadh maidir leis an ábhar ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil dó, agus aisiompú an dualgais cruthúnais á chur san áireamh. Déanann an Ghearmáin Airteagal 8 a léiriú go gciallaíonn sé nach ndéantar na hiarrataí ar fhaisnéis a fhorfheidhmiú go héigeantach, ach go gcuirfear an cosantóir ar an eolas faoi aisiompú an dualgais cruthúnais.

2. Is mór againn freisin go bhféadfaidh an Ghearmáin toirmeasc a chur ar chomhlachtaí comhionannais sonraí príobháideacha nó sonraí cuideachta a fhoilsiú i gcomhthéacs na n-achoimrí dá dtagraítear in Airteagal 9.

Ag an gcruinniú de Mheitheal na Comhairle, dhearbhaigh an Coimisiún dúinn go mbeadh an deis againn Airteagal 10(3), pointe (a) a chur chun feidhme ar bhealach ina mbeadh 'eintitis inniúla', i.e. comhlachais frith-idirdhealaithe aitheanta sa Ghearmáin, in ann imeachtaí a thionscnamh thar ceann íospartach agus, ar an gcaoi sin, tacaíocht bhreithiúnach a thabhairt dóibh siúd a ndéanann an t-idirdhealú difear dóibh. Áiritheofar leis sin tacaíocht bhreithiúnach éifeachtach dóibh siúd a ndéanann an t-idirdhealú difear dóibh.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Treoir maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne (Airteagal 157)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Athdhearbhaíonn Poblacht na Bulgáire go bhfuil sí tiomanta an comhionannas a áirithiú agus an t-idirdhealú a chomhrac mar bhunluachanna an Aontais Eorpaigh. Dá bhrí sin, tacaíonn an tír le creat láidir dlí a bhunú agus a chur chun feidhme lena gcuirfear i bhfeidhm prionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná, go háirithe cuspóirí na *Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena scriostar Airteagal 20 de Threoir 2006/54/CE agus Airteagal 11 de Threoir 2010/41/AE*. Le bunú íoscheanglais maidir le feidhmiú comhlachtaí comhionannais, tiocfaidh feabhas ar a n-éifeachtúlacht, áiritheofar a neamhspleáchas agus soláthrófar cosaint tráthúil, éifeachtach do híospartaigh idirdhealaithe.'

Ag an am céanna, áfach, agus le linn na caibidlíochta ar an togra le haghaidh Treorach, rinneadh athruithe ar an téacs nach féidir le Poblacht na Bulgáire glacadh leo.
In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuirtear chun cinn le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Foréigean in aghaidh na mBan agus Foréigean Teaghlaigh a Chosc agus a Chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le príomhphrionsabail Bhunreacht Phoblacht na Bulgáire.
In 2021, shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil nár cheart, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, breathnú ar an téarma 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht, ach amháin sa chiall a bhaineann lena chinneadh bitheolaíoch (fir agus mná).

Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na breithiúnais thuasluaite a rinne an Chúirt Bhunreachtúil, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire nach féidir léi glacadh leis an gcoincheap 'gnéas' ná le cur chuige inscnebhunaithe an Choinbhinsiúin Iostanbúl ná le doiciméid eile ina ndéantar idirdhealú idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) ná 'inscne' mar thógán sóisialta. Dá thoradh sin, ní féidir le Poblacht na Bulgáire glacadh leis an síneadh a cuireadh leis an sainmhíniú ar 'íospairt' in Airteagal 6 agus Aithris 23 ar a bhfuil liosta táscach na saintréithe a bhaineann leis an inscne: an inscne, an féiniúlacht inscne, an léiriú inscne nó saintréithe gnéis.

Ar na cúiseanna sin, <u>ní thacaíonn</u> Poblacht na Bulgáire le téacs *na Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena scriostar Airteagal 20 de Threoir 2006/54/CE agus Airteagal 11 de Threoir 2010/41/AE.'*

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

‘Aontaímid leis an gcur chuige ginearálta maidir leis an Treoir, faoi réir an léirithe seo a leanas:

1. Is mór againn gur dhearbhaigh an Coimisiún, le linn na caibidlíochta ag an gcruinniú de Mheitheal na Comhairle, go bhféadfaimid Airteagal 8 a chur chun feidhme go heisiach trí nós imeachta malartach um réiteach díospóidí ina gcaithfidh an cosantóir a bheith rannpháirteach. Chuige sin, arna iarraidh sin do dhuine a líomhnaíonn idirdhealú, scrúdóidh an comhlacht comhionannais an cás agus déanfaidh sé cinneadh maidir leis an ábhar ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil dó, agus aisiompú an dualgais cruthúnais á chur san áireamh. Déanann an Ghearmáin Airteagal 8 a léiriú go gciallaíonn sé nach ndéantar na hiarrataí ar fhaisnéis a fhorfheidhmiú go héigeantach, ach go gcuirfear an cosantóir ar an eolas faoi aisiompú an dualgais cruthúnais.
2. Is mór againn freisin go bhféadfaidh an Ghearmáin toirmeasc a chur ar chomhlachtaí comhionannais sonraí príobháideacha nó sonraí cuideachta a fhoilsiú i gcomhthéacs na n-achoimrí dá dtagraítear in Airteagal 9.
3. Ag an gcruinniú de Mheitheal na Comhairle, dhearbhaigh an Coimisiún dúinn go mbeadh an deis againn Airteagal 10(3), pointe (a) a chur chun feidhme ar bhealach ina mbeadh ‘eintitis inniúla’, i.e. comhlachais frith-idirdhealaithe aitheanta sa Ghearmáin, in ann imeachtaí a thionscnamh thar ceann íospartach agus, ar an gcaoi sin, tacaíocht bhreithiúnach a thabhairt dóibh siúd a ndéanann an t-idirdhealú difear dóibh. Áiritheofar leis sin tacaíocht bhreithiúnach éifeachtach dóibh siúd a ndéanann an t-idirdhealú difear dóibh.’

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

‘Creideann an Ungáir gur ceart tacú le luachanna sochaí atá comhtháite, síochánta agus daonlathach, bunaithe ar chomhionannas gach duine aonair gan idirdhealú ar aon fhoras. Ráthaítear sin leis an Dlí Bunúsach, agus le hAcht um Chóir Chomhionann na hUngáire lena soláthraítear cosaint dlí chothrománach agus chuimsitheach i réimse an neamh-idirdhealaithe.

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir an coincheap ‘inscne’ mar thagairt do ‘gnéas’ agus an coincheap ‘comhionannas inscne’ mar ‘dheiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d’fhir’ sa togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin do chomhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena scriostar Airteagal 20 de Threoir 2006/54/CE agus Airteagal 11 de Threoir 2010/41/AE.’

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

‘Tacaíonn an Ostair go hiomlán le cuspóirí na dtreoracha atá beartaithe chun an chosaint ar idirdhealú a neartú agus chun feabhas a chur ar an tacaíocht a thugtar d’íospartaigh an idirdhealaithe.
Cuireann an Ostair i dtábhacht go leagtar síos leis na Treoracha atá beartaithe íoschaighdeáin do chomhlachtaí comhionannais.

Tá córas dea-chleachtais dea-fheidhmiúil i réimse na córa comhionainne agus an fhrith-idirdhealaithe ag an Ostair cheana féin, córas a bhfuil a fhiúntas léirithe aige le blianta fada. Chun struchtúir náisiúnta éifeachtacha sheanbhunaithe a chaomhnú, ba cheart solúbthacht a bheith ann maidir leis na Treoracha sin a chur chun feidhme. Leanfaidh institiúidí éifeachtacha agus sásraí éifeachtúla de bheith ann laistigh den chreat nua seo.’

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN gCIPIR, ÓN gCRÓIT, ÓN bhFIONLAINN, ÓN nGRÉIG, ÓN IODÁIL, ÓN LAITVIA, Ó LUCSAMBURG, ÓN OSTAIR, ÓN bPOLAINN, ÓN RÓMÁIN, ÓN tSLÓIVÉIN, ÓN SPÁINN AGUS ÓN tSUALAINN**

'Is díol sásaimh dúinn an comhaontú i ndáil leis an Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac agus is mian linn an méid seo a leanas a dhearbhú.

De réir na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha (FRA), éigníodh bean amháin as gach 20 bean san Aontas atá os cionn 15 bliana d'aois. Is sárú thar a bheith tromchúiseach ar shláine ghnéasach daoine aonair é gnéas neamhthoiliúil agus ní mór é a chosc agus a chomhrac le lán neart ar gach leibhéal, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, is oth leis an gCipir, leis an gCróit, leis an bhFionlainn, leis an nGréig, leis an Iodáil, leis an Laitvia, le Lucsamburg, leis an Ostair, leis an bPolainn, leis an Rómáin, leis an tSlóivéin, leis an Spáinn agus leis an tSualainn nach n-áirítear sa Treoir cion coiriúil an éignithe bunaithe ar an easpa toilithe. Is céim sa treo ceart, áfach, é go bhfuil ceanglais sa Treoir maidir le hoideachas ó thaobh toilithe de.

Mar sin féin, fiú gan foráil atá bunaithe ar thoiliú maidir le héigniú, bhí sé ríthábhachtach dúinn a áirithiú go nglacfar an Treoir a luaithe is féidir, ós rud é go bhfuil gnéithe ríthábhachtacha eile inti. Go dtí seo, níor tugadh aghaidh ar fhoréigean in aghaidh na mban ná ar fhoréigean teaghlaigh in aon ionstraim dlí ar leith ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, is cloch mhíle í an Treoir seo do chaighdeáin idirnáisiúnta sa réimse seo. Soláthraítear leis an Treoir freagairtí cuimsitheacha a bhfuil géarghá leo, lena n-ionchorpraítear cosc, cosaint, tacaíocht d'íospartaigh agus ionchúiseamh i leith raon cionta coiriúla arb ionann iad agus foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh.

Táimid suite de go gcuirfidh an Treoir seo go mór le sábháilteacht agus slándáil na mban ar fud an Aontais.'

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Is mór an tábhacht, dar le Poblacht na Bulgáire, a bhaineann le cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint, agus is cuid thábhachtach de sin é an comhionannas idir mná agus fir. Táimid tiomanta do phrionsabail agus do luachanna an Aontais Eorpaigh, mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, agus leanfaimid de bheith tiomanta dóibh.

Tá Poblacht na Bulgáire fíorthiomanta do chomhrac an fhoréigin teaghlaigh agus an fhoréigin in aghaidh na mban. Tá rialtas agus sochaí shibhialta na Bulgáire ag obair go gníomhach chun na cineálacha sin foréigin a chosc agus chun tacaíocht a chur ar fáil d'íospartaigh an fhoréigin sin. Measaimid gur cloch mhíle thábhachtach é an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac (dá ngairtear 'an Treoir' anseo feasta) maidir leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chomhrac, maidir le híospartaigh a chosaint agus maidir le ciontóirí a phionósú, a thacóidh le Ballstát an Aontais a reachtaíocht náisiúnta a chur chun cinn.

In 2018, áfach, ghlac Cúirt Bhunreachtúil Phoblacht na Bulgáire cinneadh ina luaitear go ndéantar, le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla a chur chun cinn lena mbeartaítear idirdhealú a dhéanamh idir 'gnéas' mar chatagóir bhitheolaíoch (mná agus fir) agus 'inscne' mar thógán sóisialta. In 2021, ghlac an Chúirt Bhunreachtúil cinneadh eile lena soiléirítear nach bhféadfaí breathnú ar an gcoincheap 'gnéas' a úsáidtear sa Bhunreacht ach amháin sa chiall a bhaineann lena chinneadh bitheolaíoch.

I bhfianaise na gcinntí thuasluaite, dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire go dtuigtear nach gcuimsítear leis an téarma 'inscne' a úsáidtear sa Treoir agus aon cheann dá téarmaí díorthacha ach an gnéas fireann agus baineann de réir na brí bitheolaíche a bhaineann leo. Dearbhaíonn Poblacht na Bulgáire freisin nach nglacann sí le coincheap na hinscne agus leis an gcur chuige inscnebhunaithe, mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún Iostanbúl.

Ar deireadh, ní ghlacfaidh Poblacht na Bulgáire ach le haistriú an téarma 'inscne' sa Bhulgáiris mar 'пол' i dtéacs na Treorach.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus léirmhíníonn sí an coincheap 'comhionannas inscne' mar 'dheiseanna agus mar chomhdheiseanna a sholáthar do mhná agus d'fhir' sa *Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac.*'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Is díol sásaimh do Phoblacht na Slóvaice an comhréiteach ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa i ndáil leis an Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Dar linne, is céim thábhachtach chun cinn é sin i gcomhrac coiteann an fhoréigin in aghaidh na mban. Sa chomhthéacs sin, is mian le Poblacht na Slóvaice a seasamh a mheabhrú go n-aistreofar an téarma 'inscne' sa treoir seo mar 'gnéas', go háirithe laistigh de shainmhínithe ar íospartaigh, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta i réimsí an dlí choiriúil, chearta íospartach agus an idirdhealaithe. I gcásanna ina n-éilítear leis an gcomhthéacs go n-úsáidfear coibhéis na Slóvaice le haghaidh 'inscne', úsáidfear an t-aistriúchán iomchuí, cuir i gcás sna téarmaí 'róil inscne', 'steiréitíopaí inscne', 'comhionannas inscne' nó 'foréigean inscnebhunaithe'.'

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'Tacaíonn an Eastóin go huile agus go hiomlán leis na haidhmeanna i ndáil le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac. Mar sin féin, ba mhaith linn aird a tharraingt ar ár n-imní maidir le fasach a d'fhéadfadh a bheith á leagan síos le léiriú leathan ar réimse na *coireachta ríomhaireachta* de réir bhrí Airteagal 83 mír 1 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE' nó 'Conradh'). Leis an bhforáil sin, tugtar inniúlacht don Aontas rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i réimsí na coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo mar gheall ar chineál na gcionta sin nó mar gheall ar an tionchar a bhíonn acu nó toisc go bhfuil gá faoi leith ann iad a chomhrac ar bhonn comhchoiteann. Chuir dréachtóirí an Chonartha san áireamh an gá sonrach atá le gnéithe bunúsacha na gcóras ceartais choiriúil náisiúnta a chosaint, mar is léir ó Airteagal 83 mír 3 CFAE. Cuirtear béim air sin freisin in Airteagal 67 mír 1 CFAE ina leagtar béim go sainráite ar an ngá atá ann córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát a urramú, ar córais agus traidisiúin iad lena léirítear go dtagann cúrsaí Ceartais agus Gnóthaí Baile faoi chuimsiú phríomhréimse cheannasacht na mBallstát.

Leis an liosta de *choireanna Eorpacha*, mar a thugtar orthu in Airteagal 83, mír 1 CFAE, cumhdaítear aon réimse déag coireachta, ar fiú cur chuige coiteann de chuid an Aontais ina leith mar gheall ar a gcineál fíorthromchúiseach agus an ghné thrasteorann is gnách a bheith acu. Ní féidir an liosta sin a shíneadh ach le cinneadh d'aon toil ón gComhairle tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa. Agus an méid sin á chur san áireamh, níor cheart léiriú leathan a dhéanamh ar léiriú an liosta de *choireanna Eorpacha*.

Ar leibhéal an Aontais, tá dhá ionstraim dlí bunaithe ar Airteagal 83 mír 1 CFAE maidir le réimse na coireachta ríomhaireachta – Treoir 2019/713 agus Treoir 2013/40/AE. Cuimsíonn an dá ionstraim sin cionta nach féidir a dhéanamh ach amháin trí theicneolaíocht a úsáid, i gcás inarb iad na feistí an uirlis chun an choir a dhéanamh agus sprioc na coire (coireacht chibirspleách). Tá loighic éagsúil sa togra le haghaidh Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac loighic éagsúil, is é sin nach gá an teicneolaíocht féin chun cion coiriúil a dhéanamh ach úsáidtear í chun scála nó raon na gcoireanna 'traidisiúnta' (coireacht chibearchumasaithe) a mhéadú.

Dá bhrí sin, dá léireofaí 'coireacht ríomhaireachta' sa chaoi is go gcumhdófaí gach gníomh a d'fhéadfaí a dhéanamh le córas ríomhaireachta, thabharfadh sé sin inniúlacht neamhtheoranta don Aontas Eorpach iompar éagsúil nach mbaineann le haon réimse eile cionta a liostaítear cheana in Airteagal 83 mír 1 CFAE a choiriúlú gan ach é a lua gur féidir gníomhartha den sórt sin a dhéanamh trí chóras ríomhaireachta. Ní hamháin go leathnódh sé sin raon feidhme inniúlachtaí an Aontais go suntasach, ach d'fhéadfadh éifeacht iarmharta a bheith aige, toisc go mbeadh ar na Ballstáit a bhfuil an reachtaíocht sin á cur chun feidhme acu a áirithiú go mbeadh a ndlí coiriúil ina iomláine comhleanúnach. Dá bhrí sin, is é is dóichí go ndéanfaí cionta nua mar sin a thrasuí ar bhealach atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de, rud a chiallódh, in ainneoin na tagartha i reachtaíocht an Aontais don chion atá á dhéanamh trí chóras ríomhaireachta, go bhféadfaí cineálacha eile ciona mar sin a chumhdach le trasuí náisiúnta freisin.

Tá Airteagal 10 maidir le gríosú chun fuatha ar cheann de na samplaí sin. B'fhearr dá ndéanfaí na híoscheanglais maidir le gríosú chun fuatha a bhunú tar éis comhaontú a bheith déanta an liosta de *choireanna Eorpacha* a leathnú in Airteagal 83, mír 1 CFAE. D'fhágfadh sin go bhféadfaí forléargas cuimsitheach a fháil ar an *acquis* atá ann cheana chun a áirithiú go mbeadh na cionta dea-fhoirmlithe, go gcumhdófaí na cineálacha gríosaithe is tromchúisí agus nach sárófaí an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh.

Sampla eile ba mhaith linn a thabhairt chun suntais is ea Airteagal 7 maidir le cibirchiapadh, go sonrach, pointe (c) den Airteagal seo lena mbunaítear rialacha íosta maidir le híomhá, físeán nó ábhar comhchosúil eile ina léirítear baill ghiniúna duine a sheoladh gan iarraidh chuig duine eile (*cibearsplancáil*). Cé gur cásanna cibearsplancáil d'aon ghnó amháin a dhéantar a choiriúlú, i gcás inar dócha go ndéanfaí díobháil thromchúiseach shíceolaíoch don té a gheobhadh an t-ábhar sin, níltear fós cinnte ar cheart an chibearsplancáil a chomhchuibhiú ar leibhéal an Aontais. Is deacair an chibearsplancáil a léirmhíniú mar choir an-tromchúiseach a bhfuil gné thrasteorann ag baint léi de réir bhrí Airteagal 83 CFAE. Is sampla de ró-choiriúlacht gan údar é rialáil a dhéanamh ar an gcibearsplancáil ar leibhéal an Aontais.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán lena mbunaítear saoráid athchóirithe agus fáis do na Balcáin Thiar**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

'Tugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle dearbhú an Choimisiúin dá n-aire maidir le tuairisciú. Gan dochar do shainchumais an údaráis bhuiséadaigh faoi na Conarthaí, tá sé ar intinn ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle ainmníocht na Saoráide a athbhreithniú, mar shampla maidir le leithreasuithe in aghaidh an tairbhí, chun grinnscrúdú polaitiúil agus buiséadach iomchuí a áirithiú. Iarrann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an gCoimisiún Eorpach aird chuí a thabhairt ar an ráiteas seo, de réir mar is iomchuí, le linn Dréachtbhuiséad 2025 a ullmhú.'

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Aithníonn an Bhulgáir comhionannas idir mná agus fir agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn i gcomhréir le Bunreacht Phoblacht na Bulgáire agus leis an reachtaíocht náisiúnta, agus é sin á dhéanamh aici i chomhréir le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, agus leis na gealltanais agus na prionsabail faoin dlí idirnáisiúnta.
I gcomhréir leis an méid thuasluaite agus lena reachtaíocht intíre, léirmhíníonn an Bhulgáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' (fireann/baineann) agus léirmhíníonn sí an coincheap 'comhionannas inscne' mar 'deiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir' sa Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir ar inscne mar dheiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir an coincheap 'inscne' mar thagairt do 'gnéas' agus léirmhíníonn sí an coincheap 'comhionannas inscne' mar 'deiseanna agus comhdheiseanna a chur ar fáil do mhná agus d'fhir' sa Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar.'

**RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA LIOTUÁINE**

'Tacaíonn Poblacht na Liotuáine le lánpháirtiú Eorpach na mBalcán Thiar. Treoraítear na hiarrthóirí maidir le hullmhúchán a dhéanamh do bhallraíocht lánfheidhme trí phróiseas cáilíochtúil an mhéadaithe atá bunaithe ar fhiúntas.
Sa phlé ar an Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar, thacaigh Poblacht na Liotuáine go comhsheasmhach le ról gníomhach na Comhairle maidir le rialachas na Saoráide a áirithiú. Ós rud é nach bhfuil ach ról sách teoranta ann don Chomhairle i dtéacs comhréitigh an Rialacháin, staonann Poblacht na Liotuáine ón vótáil ar an téacs atá beartaithe.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir le trédhearcacht bhuiséadach iomlán i ndáil le hábhair bhuiséadacha faoi chuimsiú Shaoráid na mBalcán Thiar**

'Ag aithint don Choimisiún a thábhachtaí atá sé do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle a bheith in ann a bhfreagracht a chomhlíonadh ar bhealach feasach ina gcáil mar údaráis bhuiséadacha, cuirfidh sé ar fáil don údarás buiséadach, ar bhonn démhíosúil, faisnéis faoi ghealltanais bhuiséadacha agus faoi íocaíochtaí buiséadacha in aghaidh an tairbhí, idir ghealltanais agus íocaíochtaí a bhfuil difear á dhéanamh dóibh faoi Shaoráid na mBalcán Thiar agus ghealltanais agus íocaíochtaí atá pleanáilte faoin tsaoráid sin.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN faoi na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an ainmníocht bhuiséadach le haghaidh Shaoráid na mBalcán Thiar**

'Tugann an Coimisiún dá aire an ráiteas ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an ainmníocht bhuiséadach le haghaidh Shaoráid Athchóirithe agus Fáis na mBalcán Thiar, ainmníocht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chur chun feidhme na Saoráide. In aon chás, chuirfeadh sí isteach go míchuí ar chur i bhfeidhm cuí an nós imeachta bhuiséadaigh. Measann an Coimisiún nár cheart fasach a bheith sa mhéid sin.'